BILEOG EOLAIS
SCÉIM NA gCOLÁISTÍ GAEILGE

(1) D'fhonn cabhrú tuilleadh le muintir na Gaeltachta chun foghlaimeoirí Gaeilge a choimeád ar iostas ina dtithe cónaithe, mar a mbeidh deis acu teacht isteach ar bhlas agus líofacht nádúrtha na Gaeilge trína gcaidreamh le cainteoirí dúchais, féadfaidh an Roinn deontais a thabhairt faoin Scéim seo d'iarratasóirí cáilithe a mbíonn foghlaimeoirí aitheanta Gaeilge ar iostas acu.

(2) Chun cáilíocht faoin Scéim seo a bhaint amach ní foláir d'iarratasóir -

(a) bheith ina c(h)ónaí i gceantar Gaeltachta atá oiriúnach do chuairteoirí le Gaeilge ar mhian leo an teanga a chleachtadh;

(b) an Ghaeilge a bheith ar a t(h)oil aici/aige agus ag gach ball den líon tí agus í a bheith mar ghnáth-theanga labhartha acu.

(c) an Roinn a shásamh:-

(i) go bhfuil ar a c(h)umas cóiríocht oiriúnach do chuairteoirí a chur ar fáil in aontíos léi/leis féin ar feadh trí mhí ar a laghad sa bhliain;

(ii) nach gcoimeádfaidh sí/sé níos mó cuairteoirí san aontráth ná mar a bheidh údaraithe ag an Roinn;

(iii) nach mbeidh aici/aige ach cuairteoirí le Gaeilge fad a bheith foghlaimeoirí ar iostas aici/aige agus gurb í an Ghaeilge a labhróidh sí/sé féin agus a líon tí leo;

(iv) go gcoimeádfaidh sí/sé leabhar cuairteoirí ina dtabharfar na sonraí cuí i leith gach cuairteora a bheidh aici/aige; agus

(v) Go bhfuil an líon tí oiriúnach chun foghlaimeoirí Gaeilge a choinneáil ar iostas go slán sábháilte agus nach bhfuil aon ionchúiseamh, gurbh eol dóibh, ag aon bhall den líon tí a chuirfidh isteach air seo.

(d) cead a thabhairt don Roinn pé fiosrúcháin gur gá a dhéanamh leis na húdaráis chuí maidir le oiriúnacht an líon tí chun foghlaimeoirí Gaeilge a choinneáil ar iostas;

(e) an Roinn a chur ar an eolas roimhré i dtaobh foghlaimeoirí a bheidh ag teacht ar iostas aici/aige.

(3) Ach an Roinn a bheith sásta le hiarratas faoin Scéim seo, féadfar deontas a cheadú don iarratasóir nach rachaidh thar **€70.00** in aghaidh gach seachtain (**€10.00** in aghaidh gach lá) a chaithfidh gach foghlaimeoir aitheanta ar iostas léi/leis ina t(h)each cónaithe.

(4) Féadfar glacadh mar fhoghlaimeoir aitheanta faoin Scéim seo le hógánach nach mbíonn ag tuilleadh pá:-

(a) a bhfuil gnáthchónaí uirthi/air lasmuigh den Ghaeltacht;
(b) atá 10 mbliana d'aois ar a laghad ar 1 lúil bhliain a c(h)uairte ar an nGaeltacht;
(c) a bhfuil a d(h)óthain Gaeilge aici/aige chun tairbhe cheart a bhaint as a c(h)uairt, agus
(d) a théann go dtí an Ghaeltacht chun freastal:-

(i) ar chúrsa Gaeilge aitheanta; nó
(ii) mar chinnire ar 20 dalta ar a laghad a bhíonn ag déanamh cúrsa den saghas sin, nó ar staidéar eagraithe Gaeilge nó Gaeltachta a bheidh ceadaithe roimhré ag an Roinn.

(5) Ní thuigthe an deontas a thabhairt faoin Scéim seo go nglacann an Roinn freagracht ar bith uirthi féin i dtaobh na bhfoghlaimeoirí ná i dtaobh na dtithe a bheidh i gceist agus ní bheidh an Roinn faoi dhliteanas mar gheall ar aon chailliúint nó damáiste a tharlóidh aon uair ina leith.

(6) Cuireann alt 18(2) den Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 freagracht faoi shábháilteacht dóiteáin ar an duine atá i gceannas ar theach ina gcuirtear cóiríocht chodlata ar fáil d'aíonna, gach is gá go réasúnta a dhéanamh chun:-

(a) Féachaint chuige nach dtosóidh dóiteán; agus
(b) Féachaint chuig sábháilteacht daoine atá sa teach má thosaíonn dóiteán.

Cuireann alt 18(3) den Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 freagracht ar gach duine in áitreabh ina gcuirtear cóiríocht chodlata ar fáil d'aíonna iad féin a iompar ar bhealach nach gcuirfear aon duine san áitreabh i mbaol ó dhóiteán. Seo leanas an tsliocht chuí ón Acht-

"*Beidh de dhualgas ar gach duine, agus é/í in áitreabh lena mbaineann an t-alt seo, é/í féin a iompar ar shlí a áiritheoidh, a mhéid is féidir sin le réasún, nach gcuirfear aon duine san áitreabh i mbaol ó dhóiteán mar gheall ar aon ghníomh nó aon neamhghníomh dá chuid*"

(7) Is ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a bheidh an bhreith dheiridh ar gach ní a bhainfidh leis an Scéim seo agus ní bheidh aon dul thairis sin.

An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta
Na Forbacha
Gaillimh
H91 KX39

☎ 091 503700
Íos-ghlao ☎ 1890 201401
✉ colaistigaeilge@chg.gov.ie